

# An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

## 2015 Tuarascáil Bhliantúil

# Clár na nÁbhar

1. Réamhrá ........ 3

2. Maidir leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta ........ 5

3. Táillí Aerfort agus Rialáil Sliotán ........ 8

4. Ceadúnú Aeriompróirí agus Faomhadh Láimhseálaithe Talún ........ 11

5. Ceadúnú Ghnó Taistil ........ 15

6. Cearta Aerphaisinéirí ........ 17

7. Riarachán ........ 21

8. Faisnéis Airgeadais ........ 23

9. Aguisín ........ 29

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

3rd Urlár, Teach Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

Teil: +353 1 6611700 Facs: +353 1 6611269 www.aviationreg.ie ríomhphost: info@aviationreg.ie

# 1. Réamhrá

Tháinig fás thar an gcoitiantacht ar aerthaisteal in 2015. Bhí Aerfort Bhaile Átha Cliath ag ceann an fháis seo le méadú 15% ar líon na bpaisinéirí. Faoi dheireadh 2015 bhí Aerfort Bhaile Átha Cliath tar éis freastal a dhéanamh ar bheagán os cionn 25m paisinéir; méadú de 3.3m. Is curiarracht nua é seo do Bhaile Átha Cliath, leis an líon is mó roimhe seo ag 23.8m i 2008. Is iad Aer Lingus agus Ryanair is mó ba chionsiocair leis an bhfás, agus fuair siad cuidiú ó shé iompróir nua a thosaigh oibríochtaí in Aerfort Bhaile Átha Cliath. San iomlán seoladh 22 bealach nua as Baile Átha Cliath in 2015. Aibhsíonn an scála méadaithe seo an tábhacht atá le cur le hacmhainní, chun riar ar éilimh Aerfort Bhaile Átha Cliath sa todhchaí.

Ní raibh an fás ar aon réim ar fud na hÉireann. D'fhás aerthaisteal de 5% i Sionainn, le freastal tugtha ar 1.7m paisinéir. Cé go dtugann an méadú misneach dúinn, tá sé fós thart ar 50% níos lú ná na leibhéil a bhí ann roimh an gcúlú eacnamaíochta. Lean líon na bpaisinéirí ag titim in Aerfort Chorcaí. IN 2015 láimhseáil an t-aerfort 2.1m paisinéir agus b'ionann sin agus laghdú de 3% ar 2014.

I rith na bliana rinneadh mórán plé ar fhoirm na rialála eacnamaíocha agus ar thodhchaí an Choimisiúin mar aonán neamhspleách. IN 2015, d'fhógair an tAire go mbeadh athbhreithniú ar réimeas rialála tháillí aerfoirt ina Bheartas Eitlíochta Náisiúnta. Ceapadh Sainchomhairleoirí Idirnáisiúnta Indecon chun an t-athbhreithniú seo a reáchtáil agus táthar ag súil go bhfoilseoidh an Roinn páipéar comhairliúcháin ar an ábhar in 2016.

Agus cúrsaí mar atá ráite leanann an Coimisiún lena fhreagracht as rialáil eacnamaíoch agus as cosaint tomhaltóirí eitlíochta in Éirinn. Tá cur síos ar an obair a rinneamar in 2015 sa chuid eile den tuarascáil seo.

IN 2015 chuireamar in iúl go ndéanfaimis athbhreithniú ar ghné amháin de Chinntiúchán 2014. I dtosach d'fhéadfaí na costais a bhain leis an rúidbhealach comhthreomhar ó thuaidh a chur le táillí chomh luath agus a thabharfadh daa freastail ar bhreis is 25m paisinéir agus bhí súil go dtarlódh sé sin am éigean thart ar 2019.

Bhí sé soiléir go raibh seans ann go sárófaí an sprioc sin in 2015 agus rinneamar cinneadh go bhfágfadh na suimeanna a bhaileofaí in 2016 (sula raibh mórán dul chun cinn déanta leis an tionscadal) go mbeadh leibhéal ró-ard réamh-íocaíochta déanta ag úsáideoirí. Mar sin tiocfaimid i gcomhairle in 2016 faoi uainiú an truicir, ag scrúdú an dteastóidh coinníollacha breise amach anseo chun leas úsáideoirí reatha agus úsáideoirí sa todhchaí a chosaint.

## Ceadúnais

Leanann an Coimisiún ag eisiúint cheadúnais aeriompróirí, láimhseálaithe ar talamh, tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil agus ag déanamh monatóireachta orthu. San iomlán thugamar ceadúnais do 337 gnó sna hearnálacha sin ar fad. Is laghdú de 3 cheadúnas é seo ar 2014.

## Cearta Aerphaisinéirí

Mar a bhaineann le cearta aerphaisinéirí rinneamar próiseáil ar 4,863 fiosrúchán agus clamhsán ó phaisinéirí maidir le diúltú cead dul ar bord, eitiltí curtha ar ceal, moilleanna agus míchumas luaineachta. Is ionann seo agus méadú de 15.5% ar fhigiúirí 2014. I rith na bliana bhíomar ag obair chun an t-am a thógann sé le clamhsáin a réiteach a laghdú, trí ath-dhearadh iomlán a dhéanamh ar ár bhfoirmeacha ar-líne chun iad a dhéanamh níos so-aimsithe agus soláimhsithe. Seoladh na foirmeacha nua simplithe i mí Eanáir 2016 agus is féidir iad a úsáid ar na brabhsálaithe ar fad. Don 8ú

bhliain as a chéile, faoina mheirge flightrights.ie, rinne an Coimisiún óstáil ar sheastán eolais faoi chearta paisinéirí ag an Taispeántas Holiday World san RDS i mí Eanáir. An aidhm a bhí againn ná le feasacht an phobail faoi chearta agus teidlíochtaí paisinéirí a ardú. Bhí foireann na hoifige ar fáil ar feadh an deireadh seachtaine agus scaip siad eolas agus chuireadar comhairle phraiticiúil ar bhreis is 4,000 tomhaltóir.

## Ag Breathnú Romhainn

Ag breathnú romhainn go 2016 glacfaidh an Coimisiún páirt ghníomhach leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa phróiseas comhairliúcháin agus oibreoimid lenár gcuid páirtithe leasmhara chun an creat rialála a fheabhsú a thuilleadh ag teacht le torthaí an chomhairliúcháin sin agus le dea-chleachtas idirnáisiúnta. Tosófar ar an obair leis chun a chinntiú go mbeidh na céimeanna cosanta breise a thabharfar dóibh sin a chuireann saoirí pacáiste in áirithe curtha in áit faoi mhí Iúil 2018.

Ag am a bhfuil an oiread sin neamhchinnteachta ag baint leis is mian liom mo bhuíochas ar leith a chur in iúl d'fhoireann thréitheach dhílis an Choimisiúin as gcuid tréan-oibre agus le David Hodnett as ucht glacadh le ról an Leas-Choimisinéara i mí Feabhra, i ndiaidh imeacht John Spicer.



Cathy Mannion
Coimisinéir

# 2. Maidir leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta

Is é an Coimisiún rialtóir neamhspleách eitlíocht eacnamaíoch na hÉireann agus bunaíodh é ar 27ú Feabhra 2001. Tá dualgais an Choimisiúin sonraithe thíos.

## Táillí Aerfoirt agus Rialáil Sliotán

- Socraíonn an Coimisiún caidhp praghais a chuireann teorainn leis an teacht isteach iomlán in aghaidh an phaisinéara is féidir le daa a bhailiú ó tháillí aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Cinntíonn sé comhlíonadh le treoir na hEorpa maidir le táillí aerfoirt.
- Ceadaíonn sé an tobhach a ghearrann aerfoirt ar aerlínte chun seirbhísí do phaisinéirí atá faoi mhí-chumas luaineachta a chistiú.
- Ceadaíonn sé aon athruithe a chuirtear ar na táillí a bhaineann údaráis na n-aerfort amach i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh nó sa tSionainn ar mhaithe le rochtain chuig suiteálacha a bhíonn ag teastáil chun seirbhísí láimhseála ar talamh a chur ar fáil.
- Socraíonn sé stádas sceidealaithe aerfoirt na hÉireann faoi Rialúcháin Chionroinnt na Sliotán, ag ceapadh éascaitheoir cionroinnte nó comhordaitheoir nuair is gá.

## Ceadúnú agus Faomhadh

- Cuireann sé ceadúnais ar fáil d'aeriompróirí atá bunaithe in Éirinn chun paisinéirí, post nó lastas a iompar ar mhaithe le luach saothair agus/nó cíos a thuilleamh
- Cuireann sé ceadúnais ar fáil do ghníomhairí taistil agus do thionscnóirí turas a dhíolann taisteal thar lear
- Riarann sé scéim bannaí le haghaidh gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas agus déanann sé próiseáil ar éilimh sa chás go gcliseann ar ghníomhaire taistil nó ar thionscnóir turas.
- Fiosraíonn sé cásanna líomhnaithe faoi thrádáil atá mídhleathach agus nuair is gá cuireann sé an dlí ar na trádálaithe sin.
- Faomhann sé comhlachtaí a dhéanann gníomhaíochtaí láimhseála ar talamh ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Corcaí agus Sionainne.

## Cearta Aerphaisinéirí

Fiosraíonn an Coimisiún clamhsáin faoi eitiltí cealaithe, moilleanna de dhá uair a chloig ar a laghad agus cásanna ina ndiúltaítear cead dul ar bord nó cásanna íosghrádaithe – i gcás na n-eitiltí ar fad a bhíonn ag fágáil aerfoirt na hÉireann agus eitiltí ag teacht isteach go haerfoirt na hÉireann ó thíortha nach bhfuil san AE (má bhíonn siad á n-oibriú ag iompróirí atá ceadaithe ag an AE).

Fiosraíonn sé leis clamhsáin a bhaineann leis an gcúnamh a chuirtear ar fáil do phaisinéirí atá faoi mhí-chumas luaineachta agus iad ag cur suíochán in áirithe, ag taisteal trí aerfoirt in Éirinn nó ag dul ar bord eitilte atá ag imeacht ó aerfort in Éirinn.

## Foireann Feidhmiúcháin



Ceapadh Cathy Mannion ina Coimisinéir ar 7ú Nollaig 2015. Bhí post Stiúrthóra sa Choimisiún um Rialáil Fuinnimh aici roimhe seo le réimse freagrachtaí uirthi thar na blianta. Le déanaí threoraigh sí an Clár Náisiúnta um Méadrú Cliste.



Is é David Hodnett Ard-Abhcóide agus Leas-Choimisinéir an Choimisiúin. Is dlíodóir é a tháinig isteach sa Choimisiún i 2003. Tá sé freagrach as Gnóthaí Dlí, Ceadúnú Aeriompróirí, Faomhadh Láimhseála ar Talamh agus Cearta Aerphaisinéirí.



Is é Adrian Corcoran an Stiúrthóir Eacnamaíochta. Tá sé freagrach as rialáil eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath, as comhordú sliotán agus as faomhadh táillí a bhaineann le rochtain chuig suiteálacha agus paisinéirí faoi mhí-chumas luaineachta. Ceapadh sa phost seo é i Nollaig 2014 tar éis dó a bheith ag obair mar Eacnamaí sa Choimisiún. Tá cáilíocht PhD san Eacnamaíocht aige.




Tá Alan Richardson ag obair sa Choimisiún ó Feabhra 2007. Is Stiúrthóir é ar cheadúnú gnó taistil agus bainistiú oifige. Sular ceapadh Alan sa Choimisiún bhí sé i gceannas ar an gComhairle Náisiúnta Sábháilteachta.



Tá Josephine O'Reilly ina ball de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte in Éirinn. Tháinig sí isteach sa Choimisiún in Aibreán 2001 agus tá sí ina Stiúrthóir ar Fheidhmiú Airgeadais. Tugann sí comhairle agus tacaíocht le mar a bhaineann le ceadúnú agus láimhseáil ar talamh ó thaobh fheidhmíocht airgeadais na n-aonán ceadaithe.

## Príomh-Staitisticí




IN 2015 láimhseálamar 4,863 fiosrúchán ón bpobal faoi chearta aerphaisinéirí agus fuaireamar €296,065 do phaisinéirí mar gur cuireadh isteach ar a gcuid eitiltí

IN 2015 d'fhiosraíomhar 16 aighneacht a bhain le cearta daoine faoi mhí-chumas

# 3. Táillí Aerfoirt agus Rialáil Sliotán



*Adrian Corcoran*

Bhain éagsúlacht le h-obair rannóg eacnamaíoch na hoifige in 2015 agus ní raibh tús áite ag aon tionscadal ar leith. Chuir an Coimisiún fáilte roimh an athbhreithniú tráthúil ar rialáil ar tháillí aerfoirt ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. IN 2015 fuaireamar iarratas ó Aerfort Bhaile Átha Cliath Cinntiúchán 2014 a athoscailt ar mhaithe le deireadh a chur leis an gcaidhp ar aisghabháil íocaíochtaí easnamhacha. Shocraíomar nach raibh aon fhoras substaintiúil ann chun a leithéid d'athbhreithniú a dhéanamh. Fad a bhíomar ag scrúdú an iarratais sin, áfach, rith sé linn go bhfuil forais shubstaintiúla ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar truicear na rúidbhealaí, ag déanamh athbhreithnithe, b'fhéidir, chun an truicear a ailíniú níos fearr le réaltaigh amlíne an tionscadail. Pléitear sa chuid eile den alt cuid de phríomh-ghnéithe na hoibre a rinneamar ar tháillí agus rialáil sliotán in 2015.

## Táillí Aerfoirt

### *Athbhreithniú ar an Réimeas Rialála*

Ta an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag reachtáil athbhreithnithe ar an réimeas rialála i leith tháillí aerfoirt in Éirinn. IN 2015 cheap an Roinn Indecon (comhlacht comhairleoireachta eacnamaíocha) chun tuairisc a dhréachtadh ar mhaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar an réimeas reatha agus le moltaí a chur ar fáil.

Chas an Coimisiún le Indecon chun an t-ábhar a phlé agus dhréachtamar aighneacht chuig an bpróiseas. Tá an Coimisiún ag súil le foilsiú na tuairisce agus glacfaimid páirt in aon chomhairliúchán a bheidh á reachtáil mar chuid den athbhreithniú.

### *Athbhreithniú Eatramhach ar Chinntiúchán 2014*

I Samhain 2015 d'iarr Aerfort Bhaile Átha Cliath athbhreithniú ar Chinntiúchán 2014 faoi Uasleibhéal Tháillí Aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus as sin amach, go gcuirfí deireadh leis an gcaidhp 5% ar an bhfachtóir k sa bhfoirmle chaidhp praghais. Shocraigh an Coimisiún nach raibh aon fhoras substaintiúil ann chun athbhreithniú a dhéanamh.

Fad a bhíomar ag déanamh machnaimh ar an méid sin shocraigh an Coimisiún go bhfuil forais shubstaintiúla ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar an uainiú nuair a thagann an truicear rúidbhealaí isteach sa chaidhp praghais. Cuimsíonn Cinntiúchán 2014 truicear chun costais chaipitil an rúidbhealaigh chomhthreomhair thuaidh a íoc. Cuireann sé €0.59 leis an gcaidhp praghais an bhliain i ndiaidh do 25m paisinéir seirbhís a fháil i dtréimhse 12 mí. Chuaigh líon na bpaisinéirí thar 25m in 2015 ach tá tús tógála agus oscailte le haghaidh an rúidbhealaigh tamall uainn fós. Déanfaidh an t-athbhreithniú leasú, b'fhéidir, ar truicear an rúidbhealaigh, chun an íocaíocht a ailíniú níos fearr le réaltaigh amlíne an tionscadail.

Cuirfear tús leis an athbhreithniú sa dara ráithe de 2016 agus cuimseoidh sé comhairliúchán poiblí.

### *An 3ú Cinntiúchán 2010-2014*

Tá cuntais rialála do thréimhse iomlán an 3ú Chinntiúcháin faoin uasleibhéal Táillí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, 2020-2014, faighte agus foilsithe anois ag an gCoimisiún.

Bhí difríochtaí suntasacha ann idir na torthaí agus tuartha an Choimisiúin. Thar

an tréimhse 5 bliana bhí líon na bpaisinéirí 5.4m níos ísle ná mar a bhí tuartha. D'fhág líon níos lú paisinéirí nach raibh ar chumas Aerfort Bhaile Átha Cliath thart ar €57m i dtáillí aerfoirt a bhí tuartha, a bhailiú. D'fhág sé leis go raibh an t-ioncam tráchtála níos ísle ná mar a bhí tuartha; don tréimhse sin bhailigh Aerfort Bhaile Átha Cliath €23m níos lú ná mar a thuar an Coimisiún.

Rinne costais oibriúcháin a bhí níos ísle ná mar a bhí tuartha an dá chaillteanas sin a chúiteamh le hAerfort Bhaile Átha Cliath agus a thuilleadh leis. IN 2010, an chéad bhliain den Chinntiúchán, bhí costais oibriúcháin €26m níos ísle ná mar a bhí tuartha ag an gCoimisiún agus lean an patrún sin ar aghaidh go dtí 2014 agus d'fhág sin go raibh na costais oibríochta iomlán don tréimhse ar fad €144m níos ísle ná mar a bhí tuartha.

Go hachomair, bhí an t-ioncam iomlán féideartha, i ndiaidh costais oibríochta Aerfort Bhaile Átha Cliath €64m níos airde ná mar a bhí súil leis. Os rud é gur bhain Cinntiúchán 2009 úsáid as rialáil bunaithe ar dhreasacht, leis an riosca a bhain le líon na bpaisinéirí ag luí ar an aerfort, tá an farasbarr seo coinnithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.


### *Comhlíonadh*

I mí Nollag dheimhnigh an Coimisiún gur chomhlíon Aerfort Bhaile Átha Cliath caidhp praghais de €10.68 do 2014. Dúirt an foilseachán céanna go bhfuil an chaidhp praghais sealadach do 2016 ag €10.31. Bhain €0.49 de seo le gann-bhailiúchán in 2014 nuair a shocraigh Aerfort Bhaile Átha Cliath gan praghas a bhailiú a bhí chomh hard leis an gcaidhp €10.68 ach bhailigh siad €10.18 ina áit sin. Is féidir gann-bhailiúchán a chúiteamh sna blianta ina dhiaidh sin go dtí uasteorainn 5% den chaidhp praghais.

Tháinig fás suntasach ar thrácht aeir in Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2015, ag tabhairt seirbhíse do bhreis is 25m paisinéir. Sháraigh sé sin tuar an Choimisiúin de 22.1m agus tuar Aerfort Bhaile Átha Cliath de 21.3m, an dá mheastachán déanta díreach an bhliain roimhe sin in 2014.

Cuimsíonn Cinntiúchán 2014 réimeas chaighdeán seirbhíse ag clúdach 10 dtomhas suirbhé suibiachtúil, dhá thomhas láimhseála bagáiste agus sprioc i leith na tréimhse ama a chaitear i scuainí le haghaidh sheiceáil slándála. IN 2015 d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil gach ráithe faoi na tomhais sin.  Ní raibh ach teip amháin in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ar 13ú Meán Fómhair sháraigh an t-uas-scuaine le haghaidh sheiceáil slándála an sprioc de 30 nóiméad. Fágfaidh sé sin go ngearrfar pionós airgeadais ar Aerfort Bhaile Átha Cliath de thart ar €100,000.

**Fíor 3.1: Uas-scuaine Laethúil Slándála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath (nóiméid)**




### *Treoir faoi Tháillí Aerfoirt*

Is é an Coimisiún an t-údarás neamhspleách maoirseachta mar a bhaineann sé le treoir an AE faoi tháillí aerfoirt. In Éirinn ní bhaineann an treoir seo ach le hAerfort Bhaile Átha Cliath. IN 2015 rinne an Coimisiún monatóireacht ar na comhairliúcháin riachtanacha idir daa agus na haerlínte faoi tháillí aerfoirt, líon tuartha paisinéirí agus pleananna infheistíochta caipitil.

Glacann an Coimisiún páirt ghníomhach i bhfóram Thessaloniki a thionóil Coimisiún an AE le comhairle a chur air faoi fheidhmiú Chinntiúchán na dTáillí Aerfoirt

agus le dea-chleachtas i rialáil eacnamaíoch aerfort a chur chun cinn. IN 2015 bhunaigh an fóram foghrúpa chun treoirlínte faoi dhea-chleachtas maidir le comhairliúchán a fhorbairt agus le féachaint an bhfuil cur chuige coiteann chun costas caipitil a shocrú, indéanta. Táimid ag treorú an fhoghrúpa seo agus beidh a chéad cruinniú á óstáil i mBaile Átha Cliath i Márta 2016.

## Táillí ATI (Rochtain chuig Suiteálacha)

IN 2015 fuair an Coimisiún trí iarratas le táillí rochtana chuig suiteálacha (ATI) a cheadú. Is iad seo na muirir a íocann láimhseálaithe ar talamh le húdaráis aerfoirt chun rochtain a fháil chuig trealamh atá riachtanach chun seirbhísí láimhseála ar talamh a chur ar fáil. Ní mór don Choimisiún na táillí seo a mheas faoi cheithre chritéir: ábharthacht, oibiactúlacht, follasacht agus neamh-idirdhealú.

I Samhain, rinne Aerfort Bhaile Átha Cliath iarratas ar fhaomhadh le €4,635 in aghaidh an mhéadair línigh le haghaidh deasca i halla an bhagáiste a ghearradh. Chuamar i gcomhairle le húsáideoirí faoin muirear seo agus d’fhaomhamar é in Eanáir 2016.


I mí na Nollag fuair an Coimisiún iarratas ó Aerfoirt Bhaile Átha Cliath le €0.08 agus €0.13 faoi seach a ghearradh in aghaidh gach paisinéara ag imeacht i leith rochtain chuig an gCóras Úsáideoir Coiteann Próiseála Paisinéirí (CUPPS). Tá cinneadh faoin táille seo ar feitheamh.

## Sliotáin

Tá an Coimisiún freagrach as stádas comhordaithe Aerfoirt na hÉireann a ainmniú. Faoi láthair níl ach Aerfort Bhaile Átha Cliath ainmnithe a bheith comhordaithe de réir sliotán. Ceapann an Coimisiún comhordaitheoir chun an comhordú ó lá go lá a dhéanamh. Chuir Comhordú Aerfort Teo an tseirbhís seo ar fáil in Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2015.

Leanann éileamh ag an aerfort ag fás agus ag amanna áirithe sa lá bíonn an t-éileamh níos mó ná an acmhainn. Léiríonn Fíor 3.2 an fás atáthar ag tuar a thiocfaidh ar éileamh in 2016. Comhordaíonn an comhordaitheoir an t-éileamh breise go dtí amanna eile sa lá ina mbíonn acmhainn le spáráil.

**Fíor 3.2: Éileamh roimh Chomhordú Séasúir an tSamhraidh 2015 V 2016**




Ta an Coimisiún freagrach as scéim smachtbhannaí sliotáin na hÉireann a chur i bhfeidhm. IN 2015 ghearramar fíneáil amháin de €2,000 faoin scéim mar gheall ar a bheith ag oibriú gan sliotán. Ina theannta sin eisíodh 22 foláireamh. Cé go bhfuil laghdú substaintiúil tagtha ar líon na n-oibríochtaí gan sliotán in Aerfort Bhaile Átha Cliath ó tugadh isteach réimeas na smachtbhannaí, tá an leibhéal i mBaile Átha Cliath fós ard i gcomparáid le haerfoirt sa R.A. Ba í 2014 an chéad bhliain iomlán de réimeas na smachtbhannaí. Leanfaidh an Coimisiún leis ag déanamh monatóireachta ar fheidhmiú na sliotán sa bhliain amach romhainn.

## Ag Breathnú Romhainn

Sa bhreis ar na réimsí níos coitianta oibre atá againn, tiocfaimid i ndáil chomhairle go forleathan le féachaint an bhfuil bealaí ann inar féidir linn feabhas a chur ar an gcur chuige atá againn mar a bhaineann le rialáil eacnamaíoch. Cuimseoidh sé seo ag féachaint ar réimsí mar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, ionadaíocht chustaiméirí, roinnt eolais agus dreasú i leith infheistíochtaí tráthúla. Mar chuid den phróiseas seo beimid ag obair lenár gcomhghleacaithe Eorpacha chun dea-chleachtas a fhorbairt. Beidh an Coimisiún ag dul i gcomhairle leis, faoin bpointe ama gur féidir le hAerfort Bhaile Átha Cliath costais an rúidbhealaigh chomhthreomhair a fháil ar ais agus déanfaidh sé iniúchadh ar chaighdeán an réimis seirbhíse atá in Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi láthair.

# 4. Ceadúnú Aeriompróirí agus Faomhadh Láimhseálaithe ar Talamh



David Hodnett

I rith na bliana rinneadh monatóireacht ar shealbhóirí ceadúnas agus faomhadh le comhlíonadh leis na réimis reachtúla atá ag rialú na n-earnálacha seo a chinntiú. D'imigh beagnach aon trian de na faomhaidh láimhseála ar talamh in éag i rith na bliana agus ceadaíodh faomhaidh nua do na comhlachtaí i gceist le go bhfeadfaidís leanacht ar aghaidh ag trádáil. Tháinig laghdú de dhá chomhlacht ar líon na n-aeriompróirí i rith na bliana nuair a d'imigh dhá shealbhóir ceadúnas le héileacaptair a oibriú. Ó thaobh na n-aeriompróirí de an teagmhas is suntasaí a tharla i rith na bliana ná táthcheangal Aer Lingus plc ag Grúpa Idirnáisiúnta Aerlínte Comhdhlúite, S.A. (IAG).

## Ceadúnú Aeriompróirí

Ag deireadh 2015 bhí 13 aeriompróir, a bhfuil a mbunáit in Éirinn, ceadúnaithe ag an gCoimisiún le bheith gníomhach in oibríochtaí tráchtála aeriompair. I rith na bliana chúlghair an Coimisiún ceadúnas oibre amháin i ndiaidh don chomhlacht an Teastas Aeroibreora a bhí aige a thabhairt ar ais go saorálach. Rinne oibreoir eile a cheadúnas aeroibreora a thabhairt ar ais go saorálach mar gheall ar an meathlú ginearálta sa tionscal héileacaptair. (féach Tábla 4.1).

### Tábla 4.1: Ceadúnais agus Faomhaidh, 2015

| | Aeriompróirí | Láimhseálaithe ar Talamh | |
|---|---|---|---|
| | | Féin Láimhseáil | 3ú Páirtí |
| 1 Ean 2015 | **15** | **12** | **41** |
| *Nua* | 0 | 1 | 2 |
| *Cúlghairthe/ Tugtha ar ais* | 2 | 2 | 3 |
| 31 Noll 2015 | **13** | **11** | **40** |

I rith na bliana bhí na sealbhóirí ceadúnas uile faoi réir monatóireachta go rialta le comhlíonadh leis an reachtaíocht ceadúnaithe ábhartha maidir le folláine airgeadais, clúdach árachais agus úinéireacht agus ceannas, a chinntiú. Leanfaimid ar aghaidh ag déanamh dlúth-mhonatóireachta ar stádas airgeadais na n-aeriompróirí, go háirithe iad sin a bhfuil bail níos laige airgeadais orthu, trí shonraí airgeadais a lorg níos minice agus trí chruinnithe rialta.

Chun bealach so-inaitheanta lena chinntiú go bhfuil oibreoir ceadúnaithe a thabhairt, eisíodh Dioscaí Ceadúnais chuig oibreoirí aerárthaí beaga agus héileacaptar le cur ar taispeáint i ngach ceann dá gcuid aerárthaí cláraithe mar atá liostaithe ar a dTeastas Aeroibreora atá eisithe ag Údarás Eitlíochta na hÉireann.

## Diosca Cheadúnas Aeriomprófa




Le linn 2015 díoladh Grúpa Aer Lingus plc, máthairchuideachta shealbhóir cheadúnas oibreora in Éirinn, Aer Lingus Teo, le Grúpa Idirnáisiúnta Aerlínte Comhdhlúite, S.A. (IAG) tar éis dó tairiscint a dhéanamh chun an aerlíne a tháthcheangal. Leanfaidh Aer Lingus

Teo ag oibriú mar aeriompróir ceadúnaithe de chuid na hÉireann faoi bhranda Aer Lingus agus leanfaidh príomh-ionad oibre agus bainistíochta an aerlíne a bheith i mBaile Átha Cliath, Éire.
D'fhógair CityJet Ltd. go raibh an comhlacht tar éis mórchonradh léasú árthach feistithe a fháil le SAS (Aerlínte Lochlannach) le dul i mbun oibrithe dá líonra réigiúnach. Beidh na seirbhísí, atá le tosú i Márta 2016, á gcur ar fáil ar scairdeitleáin réigiúnacha 90 suíochán Bombardier CRJ900 atá le fáil ag CityJet. D'fhógair an aerlíne pleananna le hathnuachan eitleán a dhéanamh agus fágfaidh sé go dtógfaidh an comhlacht seilbh ar 15 aerárthach Sukhoi Superjet SSJ100 ag tosú in 2016 le cur in áit an aerloingis Avro RJ85 atá acu faoi láthair.

Thug máthairchuideachta aerlíne de chuid na hÉireann, Aerlochlannach Idirnáisiúnta Teo (NAI), faoi phróiseas athstruchtúraithe agus bhí struchtúr grúpa agus múnla gnó nua mar thoradh air. Mar chuid den phróiseas seo, tá roinnt aerárthach Boeing 737 á n-aistriú go ceadúnas oibríochta in Éirinn. Faoi dheireadh 2015 bhí an próiseas seo bogtha chun cinn go maith agus bhí aerloingeas de 24 Boeing 737 á oibriú ag an gcomhlacht agus bhí a thuilleadh aerárthach le haistriú go luath in 2016. Lean an comhlacht ag fanacht ar chinneadh ó Roinn Iompair na Stáit Aontaithe faoina iarratas ar Chead Aeriompróra Eachtraigh a thabharfadh cead do NAI eitiltí a dhéanamh ó áit ar bith san AE go dtí SAM.

Fuaireamar ceithre iarratas in 2015 ó shealbhóir ceadúnas reatha ar chead le léasú feistithe a dhéanamh ar aerárthach atá cláraithe taobh amuigh den Aontas Eorpach. Tugadh cead i dtrí chás díobh.

Bíonn ceadúnais faoi réir athbhreithnithe dhá bhliain i ndiaidh dóibh a bheith eisithe. IN 2015, tharla athbhreithniú dá leithéid. Ní raibh aon athrú curtha ar an gceadúnas i gceist. Ina theannta sin scrúdaíomar sé aighneacht in 2015 ó aeriompróirí de chuid na hÉireann, a rinneadh faoi Alt 8 (5) de na Rialacháin Ceadúnaithe a éilíonn go gcuirfí an Coimisiún ar an eolas roimh ré faoi aon mhór-athruithe ar scála a gcuid gníomhaíochtaí, [1] sula dtarlaíonn aon chumasc/éadáil atá beartaithe, nó sa chás go mbíonn athrú úinéara ann. Sa bhreis ar an aeriompróir ag tabhairt sonraí beachta faoi na hathruithe, is féidir leis an gCoimisiún a éileamh go gcuirfí plean gnó leasaithe isteach má mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag na hathruithe atá beartaithe ar sheasamh airgeadais an aeriompróra. Má bhaineann na hathruithe le hoibriú aerárthach nua ní mór go scrúdódh an Coimisiún sonraí árachais lena chinntiú go sásaíonn siad na ceanglais ábhartha agus sonraí faoin modh fála (m.sh. ceannach/leasú) agus na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis an gconradh. Ag deireadh 2015 bhí trí aighneacht díobh fós á meas ag fanacht go dtiocfadh sonraí breise a bhí iarrtha ar na haeriompróirí i gceist.

D'fhreastail an Coimisiún ar cheardlann a bhí óstáilte ag Údarás Eitlíochta Sibhialta R.A. in 2015 chun cur chun feidhme na Rialachán Ceadúnaithe a phlé, le fócas ar leith ar mhonatóireacht a dhéanamh ar úinéireacht agus ar chomhlíonadh rialacha. D'fhreastail Coimisiún na hEorpa agus ionadaithe ó roinnt Bhallstát eile ar an gcruinniú. Tá i gceist go dtiocfaidh an Grúpa seo le chéile arís faoi thopaicí eile ar díol spéise iad a bhaineann le ceadúnú aeriompróirí, ar mhaithe lena gcuid taithí a roinnt, machnamh a dhéanamh faoi dhea-chleachtas agus le deis a thabhairt chun caidrimh oibre lenár gcomhghleacaithe as Ballstáit eile a leathnú agus a fheabhsú.

I Meitheamh 2015 thapaigh an Coimisiún agus Údarás Eitlíochta na hÉireann an deis le cur i gcuimhne do phaisinéirí atá ar intinn taisteal seiceáil an bhfuil ceadúnas oibríochta agus AOC le paisinéirí a iompar ar cíos/airgead ag an aeriompróir atá roghnaithe acu, trí na míreanna nuachta a fhoilsiú ar a gcuid suíomhanna gréasáin bainteacha.[2] Thug an

---

[1]D'fhéadfadh na hathruithe sin oibriú aershheirbhís nua go dtí mór-roinn nua nó réigiún den domhan nach raibh seirbhís ann cheana a chuimsiú, chomh maith le hathruithe ar líon na aerárthach á n-úsáid, nó a gcineál, nó athrú eile i scála gníomhaíochtaí an aeriompróra.

[2] http://www.aviationreg.ie/news/is-your-air-carrier-licensed-.686.html

Coimisiún an mhír ‘Treoir do Phaisinéirí’[3] dá shuíomh gréasáin cothrom le dáta le cur i gcuimhne do phaisinéirí nach bhfuil ag íoc, ach atá ag smaoineamh ar eitilt a thógáil le hoibreoir Eitlíochta Ginearálta faoi bhreithniúcháin thábhachtacha sábháilteachta atá foilsithe ag Údarás Eitlíochta na hÉireann.

Ghlac an Coimisiún páirt i dtástáil úsáideora agus chuir sé aiseolas ar fáil do Choimisiún na hEorpa faoi uirlis nua IT atá deartha chun an próiseas atá ag Ballstáit lena gcuid fógraí chuig Coimisiún na hEorpa faoi chinntí le ceadúnais oibríochta a cheadú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm, a fheabhsú agus a shimpliú.

I mí na Nollag d’fhoilsigh Coimisiún na hEorpa ‘Straitéis Eitlíochta don Eoraip’. Mar chuid den tionscnamh seo tá sé ar intinn ag Coimisiún na hEorpa treoirlínte léirmhíniúcháin a fhoilsiú faoi fheidhmiú Rialachán (AE) Uimh. 1008/2008 maidir le húinéireacht agus rialú aerlínte AE ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil níos fearr d’infheisteoirí agus d’aerlínte a bhaint amach. Cuirimid fáilte roimh na moltaí atá curtha chun cinn sa cháipéis sin agus leanfaimid orainn ag coinneáil súile ar fhorbairtí ag leibhéal an AE.


## Faomhaidh Láimhseálaithe ar Talamh

Ag deireadh 2015 bhí 11 féin-láimhseálaí ar talamh faofa ann (i.e. nuair a roghnaíonn aerlínte a chuid seirbhísí láimhseála ar talamh féin a chur ar fáil) agus 40 soláthróir faofa sheirbhísí láimhseála ar talamh nó láimhseálaithe tríú páirtí (i.e. comhlacht atá ag cur seirbhísí láimhseála ar talamh ar fáil, bíodh sé ina aerlíne nó ina chomhlacht láimhseála ar talamh tiomnaithe). De na féin-láimhseálaithe faofa tá trí chinn díobh faofa le seirbhísí láimhseálaithe ar talamh a chur ar fáil do thríú páirtithe. Tá liosta iomlán na sealbhóirí faofa coinnithe cothrom le dáta ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Cuireann Fíor 4.1 anailís ar fáil ar líon na féin-láimhseálaithe faofa agus soláthróirí seirbhísí láimhseála ar talamh in aghaidh an aerfoirt.

Le linn 2015, d’fhaomh an Coimisiún cead nua amháin féin-láimhseálaithe d’Aerlíne Etihad PJSC agus dhá chead nua tríú páirtí láimhseála do na comhlachtaí seo leanas:

- Aviacare B.V. (Aerfort Bhaile Átha Cliath)
- Ionad Eitlíochta Gnó T/A Eitlíocht Weston (Aerfort Chorcaí))

### Fíor 4.1: Láimhseálaithe Faofa de réir Cineáil agus Aerfoirt 2015




Chuaigh faomhadh amháin féin-láimhseála in éag in Aibreán 2015 tar éis gur theip ar an gcomhlacht a rinne an t-iarratas an t-eolas ar fad a bhí ag teastáil ar mhaithe lena iarratas athnuachana a phróiseáil a chur isteach in am. Rinne an comhlacht iarratas nua chuig an gCoimisiún agus eisíodh faomhadh nua féin-láimhseála dó i mí Iúil 2015.

Bhí comhlacht aerlíne amháin a raibh faomhadh féin-láimhseála agus faomhadh tríú páirtí aige, a ghéill an dá fhaomhadh go deonach nuair a d’fhág dúnadh a bhunáit innealtóireachta in Éirinn nach rabhadar ag plé níos mó le cúrsaí láimhseála ar talamh in aerfoirt na hÉireann.

Ina theannta sin géilleadh dhá fhaomhadh láimhseála tríú páirtí go deonach nuair nach raibh na comhlachtaí a bhí i gceist ag plé le seirbhísí láimhseála ar talamh a chur ar fáil níos mó in aerfoirt na hÉireann.

I rith na bliana scrúdaigh an Coimisiún agus d’fhaomh sé iarratas ó shealbhóir faofa tríú páirtí reatha, a bhfuil a bhunáit in Aerfort

---

https://www.iaa.ie/general-aviation/is-your-aircraft-operator-licensed-

[3] http://www.aviationreg.ie/airline-licensing-the-commissions-role/passenger-guidance.216.html

Bhaile Átha Cliath, le hoibríochtaí a leathnú go dtí Aerfort Chorcaí. Fuair an Coimisiún iarratas leis ó shealbhóirí faofa tríú páirtí a bhfuil a bhunáit in Aerfort na Sionainne le hoibríochtaí a leathnú go dtí Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhí an t-iarratas sin fós faoi bhreithniú ag deireadh 2015.

Eisítear faomhadh do thréimhse cúig bliana. Rinne an Coimisiún athnuachan ar sheacht fhaomhadh déag in 2015 tar éis dóibh an próiseas athnuachana a chríochnú go rathúil.

In Eanáir 2015 ceapadh Scrúdaitheoir Eatramhach ar Transaero Engineering Ireland Ltd., sealbhóir d'fhaomhadh láimhseálaithe ar talamh tríú páirtí ón gCoimisiún. D'éirigh leis an gcomhlacht teacht go rathúil ón scrúdaitheoireacht faoi úinéireacht nua in Aibreán 2015 agus rinneadh an gnó a ath-ainmniú mar Atlantic Aviation Group Ltd.
Rinneadh leasú ar an bhfaomhadh láimhseála tríú páirtí a bhí ag Shannon Aerospace Ltd. in 2015 chun athrú san ainm dlíthiúil go Lufthansa Technik Shannon Ltd. a léiriú.

Lean an Coimisiún lena chuairteanna neamhfhoirmiúla ar shealbhóirí faomhadh láimhseála ar talamh reatha ar mhaithe le caidreamh a fheabhsú agus le tuiscint níos fearr faoi ghnáth-cheanglais comhlíonta a chur chun cinn. Ina theannta sin thug an Coimisiún cuairt ar Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne chun castáil le pearsanra ábhartha atá freagrach as oibríochtaí láimhseála ar talamh a bhainistiú agus le haon saincheisteanna a tháinig aníos a phlé.

Ag leibhéal an AE déanann tionscnamh Straitéis Eitlíochta Choimisiún na hEorpa don Eoraip foráil i leith measúnú a dhéanamh ar an Treoir Láimhseála ar Talamh reatha agus ina dhiaidh sin déanfar cinneadh an mbeidh sé le leasú no nach mbeidh. Leanfaimid orainn ag déanamh monatóireachta ar aon fhorbairtí ag leibhéal an AE mar a bhaineann leis an ábhar seo.

## Ag Breathnú Romhainn

Sa bhliain amach romhainn leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag riaradh ár réimeas ceadúnaithe agus faofa. Táimid ag súil le castáil le haeriompróirí agus le láimhseálaithe ar talamh le plé a dhéanamh faoi chomhlíonadh leanúnach, faoi fhreagrachtaí ceadúnaithe agus tuairisciú airgeadais agus maidir le forás plean gnó. Ina thaobh sin leanfaimid orainn ag comhoibriú go dlúth le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann.

# 5. Ceadúnú Ghnó Taistil



*Alan Richardson*

Tá an Coimisiún freagrach as Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas a cheadúnú. Maireann ceadúnais ar feadh bliana agus eisítear in dhá bhabhta ceadúnaithe iad ó 1ú Bealtaine agus 1ú Samhain. Níor athraigh líon iomlán gnólachtaí ceadúnaithe in 2015 ach ar éigean. I rith na bliana rinneadh monatóireacht ar shealbhóirí ceadúnas i leith comhlíonachta leis na réimis reachtúla atá ag riaradh na n-earnálacha seo.

## Ceadúnú Ghnó Taistil

IN 2015 d'eisigh an Coimisiún ceadúnais do 273 gnólacht. Cé go raibh roinnt gnólachtaí a d'imigh as an earnáil eisíodh 19 ceadúnas d'iarratasóirí nua rud a d'fhág go raibh glanmhéadú ar líon iomlán na gceadúnas a eisíodh.

Ní mór do ghnólachtaí ceadúnaithe banna a chur ar fáil don Choimisiún, ar féidir tarraingt as sa chás go stopann sealbhóir ceadúnais ag trádáil, ag fágáil custaiméirí sáinnithe thar lear, nó conarthaí gan a bheith comhlíonta roimh an dáta dlite le taisteal. Baineann an Coimisiún úsáid as an mbanna chun aisdúichithe a íoc agus chun aisíochtaí a dhéanamh. Ta bannaí socraithe ag 4% den láimhdeachas incheadaithe réamh-mheasta do ghníomhairí taistil agus ag 10% do thionscnóirí turas. Ní chlúdaíonn na luachanna i dTábla 5.1 láimhdeachas neamh-incheadaithe, m.sh. lóistín leis féin. Tháinig méadú de 7% ar láimhdeachas incheadaithe réamh-mheasta do ghníomhairí taistil in 2015 ag léiriú go bhfuil an cor chun feabhais ag leanacht leis (bhí méadú de 6% ann in 2014).

Níl cosaint ag áirithintí a dhéantar le haonán gan ceadúnas faoi scéim na mbannaí atá á riaradh ag an gCoimisiún.

### Tábla 5.1: Láimhdeachas incheadaithe agus Bannú an Tionscail Taistil

| Aonáin Cheadúnaithe | 2015 (€m) | | 2014 (€m) | |
|---|---|---|---|---|
| | Banna | PLTO | Banna | PLTO |
| Tionscnóir Turais (ráta 10%) | 18 | 179 | 17 | 167 |
| Gníomhaire Taistil (Ráta 4%) | 42 | 1053 | 39 | 982 |
| **Iomláin** | **61** | **1232** | **56** | **1149** |

## Acht na nAerfort Stáit (Grúpa Sionainne) 2014

Faoin reachtaíocht seo is féidir le miondíoltóirí agus eagraíochtaí a cuireadh ar bun i mBallstáit eile den Aontas Eorpach a bheith díolmhaithe mar a bhaineann le ceadúnas a bheith acu ón gCoimisiún má shásaíonn siad coinníollacha áirithe.

Cé go bhfuil an díolúine seo ar fáil le breis agus bliain anois níor baineadh aon úsáid as go fóill agus in áit sin roghnaigh roinnt comhlachtaí a bunaíodh san AE/EEA, iarratas a dhéanamh ar cheadúnais, agus gnólachtaí a bhí ceadúnaithe roimhe seo agus atá i dteideal díolúine anois shocraigh siad fanacht laistigh den réimeas ceadúnaithe.

## Ag Déanamh Monatóireachta ar Chomhlíonadh

IN 2015 chuir an Coimisiún tús nó lean sé le fiosrúcháin ar 10 gclamhsán a fuarthas faoi thrádáil fhéideartha gan ceadúnas. Ag teacht le treocht a tháinig chun cinn in 2014 bhain go leor de na clamhsáin le daoine agus/nó comhlachtaí a bhí ag féachaint le gnó a dhéanamh faoi cheadúnas aonáin dhlíthiúil eile, rud nach bhfuil ceadaithe faoi reachtaíocht na hÉireann.

Mar a tharla blianta eile níorbh fhéidir bunús a fháil le cuid de na clamhsáin mar nach raibh dóthain sonraí tugtha agus ní raibh aon fhianaise le fáil. Uair amháin thug an Coimisiún cuairt ar an aonán gan ceadúnas faoi bharántas chun fianaise a bhailiú. Faoi dheireadh na bliana ní raibh ach ceann de na clamhsáin fós ar oscailt.

Má fhaigheann an Coimisiún fianaise faoi thrádáil gan ceadúnas an nós atá againn ná teagmháil a dhéanamh leis an duine/comhlacht agus é/iad a chur ar an eolas faoi na ceanglais dhlíthiúla atá ann agus iarradh air/orthu cur isteach ar an gceadúnas i gceist nó dóthain fianaise faoi urrús a chur ar fáil má bhaineann Acht na nAerfort Stáit 2014 leis an gcás, é sin nó stopadh ag trádáil. Tá an cur chuige seo ag obair go maith agus tá líon d'aonáin atá ag dul i méid, atá ceadúnaithe anois agus bannaithe leis an gCoimisiún dá bharr.

Chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le coinníollacha ceadúnais tugaimid cuairt gach bliain ar áitreabh gnó de líon samplach shealbhóirí ceadúnas. Tugadh cuairt ar 27 sealbhóir ceadúnas in 2015 agus tugadh cuairteanna leantacha ar líon beag díobh. I dteannta sheiceáil comhlíonta, cuireann na cuairteanna seo ar chumas an Choimisiúin tuiscint níos fearr a fháil faoi na heagraíochtaí ceadúnaithe agus tugann sé deis neamhfhoirmiúil le heolas a roinnt.

## Uasghrádú ar an gcóras ceadúnaithe

Chonacthas in 2015 gur cuireadh uasghrádú suntasach ar an gcóras ceadúnaithe chun ceadúnais a athnuachan agus le déileáil le hiarratais nua. Fágann sé go bhfuil sé níos simplí le cur isteach ar cheadúnas ná mar a bhí, go bhfuil brabhsálaí an chórais neodrach agus tá roinnt athruithe tugtha isteach a chuidíonn le moilleanna ar iarratais a laghdú.

# Ag Breathnú Romhainn

Leanfaimid ar aghaidh ag riaradh ár réimeas ceadúnaithe agus faofa. Oibreoimid freisin le cumarsáid idir an Coimisiún agus iad sin atá á gceadúnú agus á riaradh againn a chur chun cinn. Tá i gceist sraith cruinnithe a eagrú agus tabharfar cuireadh do gach sealbhóir ceadúnais in Éirinn. Tá i gceist againn leis dul i gcomhairle le forais tionscail agus le páirtithe leasmhara ar bhonn rialtóra chun sraith nótaí eolais a fhorbairt ar réimsí difriúla comhlíonta a thiocfaidh chun leasa d'aonáin cheadúnaithe. Ar 25 Samhain 2015 ghlac an AE leis an Treoir Nua um Taisteal Láneagraithe. Tá go dtí 1ú Eanáir 2018 ag na Ballstáit lena thrasuí agus beidh feidhm aige ó 1ú Iúil 2018. Beidh an Coimisiún ag obair go dlúth leis an tionscal, le contrapháirteanna eile AE agus leis an Roinn chun córas atá láidir, cothrom, agus a thabharfaidh slándáil don tionscal agus cosaint do thomhaltóirí na hÉireann, a thabhairt isteach.

# 6. Cearta Aerphaisineirí



*David Hodnett*

I gcás na n-eitiltí ar fad a bhíonn le fágáil ó Aerfoirt na hÉireann agus eitiltí áirithe a thagann isteach go hAerfoirt na hÉireann ó thíortha neamh-AE tá ról ag an gCoimisiún i bhfiosrú a dhéanamh faoi chealuithe eitiltí, moilleanna agus diúltú cead dul ar bord. Ina theannta sin déanaimid fiosrú ar chlamhsáin a bhaineann leis an gcúnamh a fhaigheann duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil mí-chumas luaineachta air agus áirithint á dhéanamh aige nó ag taisteal ar eitleán. I roinnt cásanna tá sé de chead ag an gCoimisiún a éileamh go n-íocfaí cúiteamh le paisinéirí.

## Fiosrúcháin agus Clamhsáin

IN 2015 fuair an Coimisiún san iomlán 4,863 fiosrúchán ón bpobal. Is ionann sin agus ardú 15% ar líon na bhfiosrúchán a fuarthas in 2014. Bhain beagán faoi 80% díobh le daoine ag lorg eolais faoi chearta aerphaisinéirí go ginearálta agus faoin nós imeachta chun clamhsán a dhéanamh agus le nithe eile a thit lasmuigh de shainchúram an Choimisiúin, m.sh. clamhsáin faoi bhagáiste, saincheisteanna sábháilteachta, fiosrúcháin faoi phraghsanna, &rl. Sna cásanna sin thugamar cluais éisteachta leis an té a bhí ag fiosrú agus nuair ba chuí d'atreoraíomar é chuig an bhforas nó chuig an údarás inniúil chun déileáil leis an gclamhsán.

Bhain na 1,003 aighneacht eile le sárú ionchasach ar Rialachán 261/2004 agus caitheadh leo mar chlamhsáin. Is ionann sin agus titim de 13% ar líon na gclamhsán in 2014.

Bhain 16 eile le Rialachán 1107/ 2006 a bhaineann le cearta daoine faoi mhíchumas agus le daoine a raibh mí-chumas luaineachta orthu, agus iad i mbun aerthaistil.

## Cealuithe, Moilleanna, Diúltaithe Bordála agus Íosghráduithe

De na 1,003 clamhsán a fuarthas in 2015 bhain beagnach 60% le moilleanna ar eitiltí.

I gcomhthéacs Rialachán EC261/2004, tharla an cor is tábhachtaí den bhliain i Meán Fómhair 2015 nuair a d'eisigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) a cinneadh i gcás Corina van der Lans vs KLM. Mar thoradh ar an gcinneadh seo tá athrú suntasach curtha maidir le cén uair atá cúiteamh iníoctha.

Dúradh sa chinneadh nach dtagann lochtanna teicniúla, a tharlaíonn gan coinne, agus nach dtarlaíonn de thoradh ar dhroch-chothabháil agus nach féidir a thabhairt faoi deara le linn ghnáthsheiceáil cothabhála faoi shainmhíniú 'Cúinsí neamhghnácha' mar a bhaineann le héilimh ar chúiteamh. An toradh a bhí ar an gcinneadh sin ná nach bhféadfadh aeriompróirí brath ar lochtanna teicniúla a úsáid mar chúis le bheith díolmhaithe ó chúiteamh a íoc.

De na 1,003 clamhsán a fuarthas bhain 28% (284) le heitiltí a bhí ag imeacht as aerfoirt i mBallstáit eile nó le heitiltí ag dul isteach go hAerfoirt dá leithéid as tríú (i.e. lasmuigh den AE) tíortha, agus á n-oibriú ag iompróirí a bhí ceadúnaithe sa Chomhphobal. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le paisinéirí lena chinntiú go

raibh an t-eolas ar fad a bhí riachtanach chun fiosrúchán a reachtáil curtha ar fáil sular cuireadh na clamhsáin sin ar aghaidh chuig na forais náisiúnta fhorfheidhmithe chuí (NEBanna), nó ag cur ar chumas na bpaisinéirí é a dhéanamh go díreach iad féin. Don dara bhliain as a chéile tá titim feicthe againn i líon na gcásanna is gá a chur ar aghaidh chuig NEBanna eile mar tá foirmeacha clamhsáin á n-oibriú anois ag go leor NEBanna agus tá sé níos éasca do phaisinéirí cuid díobh a chomhlánú go díreach.

Tháinig an 719 clamhsán eile laistigh de raon na reachtaíochta agus de shainchúram an Choimisiúin araon agus mar sin rinne an Coimisiún fiosrúchán iomlán ina dtaobh. De na clamhsáin sin tá 653 críochnaithe agus tá 66 á bhfiosrú fós. Tá miondealú ar na clamhsáin tugtha i dTábla 6.1.

I 159 cás cinneadh go raibh an clamhsán neamh-iniompartha faoin Rialachán, tarraingthe siar ag an bpaisinéir, nó bainteach le sárú nach raibh aon chúiteach ar fáil don phaisinéir ina leith. I 157 cás cinneadh gur bhain imthosca urghnácha leo agus go raibh céimeanna seachanta réasúnta tógtha ag an aerlíne.


I 329 cás íocadh cúiteamh leis an bpaisinéir agus in 8 gcás fuair an custaiméir aisíocaíocht ar chostas an ticéid os rud é nach raibh aon chúiteamh eile ar fáil. Tháinig ardú 96% ar líon na gcásanna inar cinneadh go raibh cúiteamh iníoctha i gcomparáid le 2014, mar thoradh nach beag, ar an gcinneadh i gcás van der Lans.

### Tábla 6.1: Clamhsáin de réir Cineáil agus Fhóntas Fiosrúcháin

| Cineál | Coim | Eile | Iomlán. | % |
|---|---|---|---|---|
| Cealú | 215 | 81 | 296 | 30 |
| Moill Fhada | 441 | 154 | 595 | 60 |
| Diúltú Bordála | 37 | 18 | 55 | 5 |
| Íosghrádú | 4 | 0 | 4 | 0 |
| Eile | 22 | 31 | 53 | 5 |
| Iomlán | 719 | 284 | 1003 | 100 |

Fuair an Coimisiún €296,065 do phaisinéirí a bhí siar le cuir isteach ar eitiltí in 2015: €285,700 mar chúiteamh agus €10,365 in aisíochtaí.

### Fíor 6.1: Torthaí ar Chlamhsáin Aerphaisinéirí in 2015




## Daoine faoi mhí-chumas luaineachta

I rith 2015 fuair an Coimisiún 16 aighneacht a bhain le cearta daoine faoi mhí-chumas luaineachta. Níorbh ionann 7 gcinn díobh agus sáruithe féideartha iad ar Rialachán. Ba chlamhsáin bhailí iad na 9 gcinn eile a raibh gá lena bhfiosrú. Bhí saincheisteanna éagsúla i gceist lena n-áirítear:

- An cúnamh a tugadh ag an aerfort imeachta, le linn trasdula nó ag teacht isteach.
- An bealach a caitheadh le paisinéirí dalla sa limistéar chriathrú slándála
- Cathaoireacha rotha a bheith ar fáil ar eitleáin.

Bhain ceithre chlamhsán díobh le NEBanna i dtíortha eile agus tháinig na clamhsáin eile faoi shainchúram an Coimisiúin agus rinneamar iad a fhiosrú. Tá na clamhsáin críochnaithe cé is móite de cheann amháin. Níor tugadh aon sárú ar Rialachán 1107 faoi deara fad a bhí na 4 chlamhsán atá críochnaithe á bhfiosrú.

Tógadh céimeanna forfheidhmiúcháin in aghaidh Norwegian Air Shuttle go luath in 2015 vis-à-vis clamhsán faoi mhadraí cúnaimh a iompar. Ar deireadh chloígh an t-aeriompróir le gach a raibh á éileamh againn agus chuir sé na hathruithe dá réir ar a shuíomh gréasáin.

## Obair Eile

Sa bhreis ar chlamhsáin a láimhseáil, chríochnaigh an Coimisiún 8 gcigireacht ar aerfoirt le linn 2015. An aidhm a bhí leis na cigireachtaí ná:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a sholáthair bainistíocht aerfort cúnamh do dhaoine faoi mhí-chumas luaineachta.
- Lena chinntiú go raibh aeriompróirí ag tabhairt an eolais chruinn do phaisinéirí a raibh moilleanna fada, cealuithe agus cásanna de dhiúltú bordála ag cur isteach orthu.

IN 2015 thug an Coimisiún faoi athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin aeriompróirí na hÉireann uile lena chinnte go raibh an t-eolas a bhí curtha ar fáil do phaisinéirí ar ard-chaighdeán, go háirithe mar a bhain le daoine faoi mhí-chumas luaineachta a iompar. IN 2015 bhíomar ag obair le dhá aeriompróir ar leith, Air Contractors agus Cityjet, ar mhaithe le feabhas substaintiúil a chur ar an gcaighdeán faisnéise ar a suíomhanna gréasáin.

Chonacthas in 2015 tús á chur leis an obair le h-uasghrádú iomlán a dhéanamh ar fhoirmeacha clamhsáin ar líne agus córais inmheánacha láimhseálaithe clamhsán an Choimisiúin. Bhí an obair ag díriú ar na foirmeacha clamhsáin a chur in oiriúint do threalamh soghluaiste agus brabhsálaithe nua-aimseartha agus leis na ceisteanna a shruthlíniú chun go mbeidís níos so-úsáidte. Beidh an córas beo go luath in 2016.

Leanadh le hobair ar athmhúnlú Rialachán 261 in 2015 cé gur go mall é. Os rud é go bhfuil an próiseas reachtach fíor-mhall, níltear ag súil go dtiocfaidh Rialachán leasaithe i bhfeidhm go ceann roinnt blianta.

Ach, le linn 2015 rinne an CJEU cinneadh suntasach i gcás van der Lans agus is dóigh go dteastóidh tuilleadh leasaithe a dhéanamh ar an athmhúnlú chun an cinneadh sin a chur san áireamh.

In Eanáir rinneamar óstáil ar sheastán eolais ag an Aonach Holiday World bliantúil i mBaile Átha Cliath leis an aidhm le feasacht an phobail a ardú mar a bhaineann le cearta paisinéirí. Chríochnaíomar leis, feachtas eolais a tosaíodh go déanach in 2014 ag cur a gcuid dualgas faoi Rialachán 1107 i gcuimhne do gach Tionscnóir Turas agus Gníomhaire Taistil atá ceadúnaithe ag an gCoimisiún.

Le linn 2015 bhí an Coimisiún páirteach i roinnt cruinnithe agus ceardlann. Chuimsigh siad comhchruinniú de Choimisiún na hEorpa, NEBanna agus Ionad Tomhaltóirí na hEorpa, faoi Rialachán 261, agus cruinniú de Choimisiún na hEorpa agus NEBanna faoi Rialachán 1107. Tá suíochán ag an gCoimisiún leis ar Choiste Comhairleach Rochtana DTTAS a chasann ar a chéile faoi dhó sa bhliain. Déanaimid cur i láthair leis chuig an nGrúpa Gnóthaí Tionscal de Chomhlachas Aerlínte Réigiúin na hEorpa faoi chur chun feidhme Rialachán EC261 agus an próiseas athmhúnlaithe.

Ar deireadh I Meán Fómhair 2015 rinne an Coimisiún óstáil ar thoscaireacht ó Aireacht Iompair agus Bonneagair na hAlbáine, cistithe ag clár TAIEX Choimisiún na hEorpa. Bhí fonn ar an toscaireacht cuairt a thabhairt ar an oifig seo chun staidéir a dhéanamh ar Rialachán 1107/2006 agus mar a dhéantar an Rialachán a chur chun feidhme in Éirinn. Rinne an Coimisiún óstáil leis ar thoscaireacht ón Iorua a raibh spéis acu a fheiceáil mar a chuirimid Rialachán EC261 i bhfeidhm anseo.

## Ag Breathnú Romhainn

Leanfaimid ar aghaidh ag obair go dlúth le paisinéirí, aerlínte agus aerfoirt lena chinntiú go ndéantar cearta aerphaisinéirí a chosaint agus a chur i bhfeidhm agus déanfaimid roinnt cigireachtaí ag aerfoirt na hÉireann an bhliain seo chugainn le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán bunúsach.

# 7. Riarachán



*Alan Richardson*

## Acmhainní Daonna

D'fhostaigh an Coimisiún ar an meán, cúigear déag d'fhoireann coibhéiseach lán-aimseartha in 2015. Íoctar baill ar rátaí atá inchomparáide go díreach le poist Stát Seirbhísí agus tá na rátaí seo ar fad faofa ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Scéimeanna Aoisliúntais

Bhíodh iallach ar gach ball foirne lán-aimseartha dul isteach i scéim phinsean an Choimisiúin. Bunaíodh an scéim faoin Acht Rialála Eitlíochta 2001. Tá iallach anois ar fhostaithe nua dul isteach i scéim Phinsean Aonar na Seirbhíse Poiblí mura bhfuil cead faighte, seachas sin, dul isteach i scéim an Choimisiúin. Tá na scéimeanna faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i Meitheamh 2015.

## Seachfhoinsiú

Mar a tharla i mblianta eile lean an Coimisiún ag seachfhoinsiú feidhmeanna riaracháin neamhlárnacha a bhain le hiniúchadh inmheánach, athshlánú i ndiaidh tubaiste, caidreamh leis na meáin agus riarachán TF agus párolla.

## Dualgais Riaracháin

Féachann an Coimisiún le cloígh leis an gCód Cleachtais um Rialachán Comhlachtaí Stáit. Mar gheall ar réimse ár gcuid gníomhartha agus an líon beag foirne atá againn tá gnéithe áirithe den Chód nach mbaineann linn.

D'ídigh an Coimisiún 33,873 cileavatuair (kWhs) fuinnimh in 2015 i gcomparáid le 35,660 cileavatuair a ídíodh in 2014.

## Trédhearchacht agus Saoráil Faisnéise

Comhlíonann an Coimisiún a chuid feidhmeanna ar bhealach atá chomh trédhearcach agus is féidir. Foilsítear na cáipéisí uile a bhaineann le comhairliúcháin ar ár suíomh gréasáin (agus tá liosta do 2015 san áireamh san aguisín atá leis an tuarascáil seo). Ó Mhárta 2012 i leith, foilsíonn an Coimisiún nótaí gach ráithe ar a shuíomh gréasáin ag tabhairt sonraí faoina chuid orduithe ceannaigh i leith suimeanna atá os cionn €20,000. Ní bhfuair an Coimisiún aon iarratas faoi Shaoráil Faisnéise in 2015.

## Dlíthíocht

Mar atá tuairiscithe cheana lean imeachtaí dlí a thóg an Coimisiún ar mhaithe le híocaíocht ar bhanna a fhorfheidhmiú. Cuireadh tús le himeachtaí dá leithéid i rith na bliana chun íocaíocht ar bhanna difriúil a fhorfheidhmiú. Ina theannta sin thángamar ar shocrú i gcás a thóg gníomhaire taistil agus é ag lorg airgid a bhí líomhnaithe a bheith dlite tar éis dó áirithintí custaiméirí eile ar chlis a gcomhlacht taistil orthu a thógáil ar láimh. Níor leanadh leis an gcás seo agus d'íoc an dá thaobh a gcuid costas féin.

## Tábla 7.1: Achoimre ar Rialacha Corparáideacha

| | |
|---|---|
| Cód Chleachtas an Choimisiúin | Tá Cód Cleachtais ann d'fhostaithe an Choimisiúin. |
| Breithmheas ar Infheistíocht | Níor thabhaigh CAR aon chaiteachas caipitil in 2015a tháinig faoi scóip na ngníomhaíochta a bhí i gceist i Treoirlínte 2005 na Roinne i leith Breithmheasa agus Bainistíochta ar Mholtaí Chaiteachas Caipitil san Earnáil Phoiblí. |
| Luach Saothair do Bhainisteoirí Sinsearacha agus Táillí Stiúrthóirí | Thug cuid Acmhainní Daonna an chaibidil seo eolas ina leith seo. Níl aon íocaíocht do stiúrthóirí i gceist. |
| Socruithe Tuairisce | Réitíonn CAR tuairiscí don Aire Iompair de réir mar is gá. Tá córas lánfhorbartha cuntasaíochta ag CAR, a chuireann tuairiscí mionsonraithe míosúla bainistíochta agus airgeadais ar fáil don bhainistíocht shinsearach. Coinníonn CAR le Caighdeáin Tuairisce Idirnáisiúnta ina chuid tuairisce. Ríomhann sé a chuid cuntas ar an gcóras cuntasaíochta fabhraithe seachas mar a luaitear i nótaí na ráiteas airgeadais. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis sin.<br><br>Tá céimeanna tógtha ag CAR chun cloígh leis an gceangal atá air leabhair chuí cuntas a choinneáil. Táid coinnithe san oifig amháin atá aige. |
| Pleanáil Straitéiseach agus Chorparáideach | Tá feidhmeanna agus freagrachtaí CAR leagtha síos san Acht Eitlíochta 2001, Acht na nAerfort Stáit 2004, Acht Eitlíochta 2006 agus Acht na nAerfort Stáit (Grúpa Sionainne) 2014 mar aon le hIonstraimí Reachtúla éagsúla eile. Tuairiscíonn CAR go bliantúil chuig an Aire Iompair faoin gcaoi inar comhlíonadh na feidhmeanna sin sa bhliain roimhe sin.<br><br>Níl plean straitéiseach réitithe ag CAR le roinnt blianta ach tá i gceist aige ceann a fhoilsiú in 2016. |
| Polasaí Taistil | Coinníonn CAR le ceanglais pholasaí taistil an Rialtais. |
| Nochtadh Leasanna | Coinníonn an Coimisinéir, foireann CAR agus na sainchomhairleoirí agus comhairleoirí uile, mar a éilítear, leis na ceanglais ábhartha ó thaobh nochtadh a éiríonn faoi Alt 18 den Acht Eitice in Oifigí Poiblí 1995 agus Ailt 17-18 den Acht Rialála Eitlíochta, 2001. |
| Bainistiú Riosca | Coinníonn CAR Clár Riosca agus déanann bainistíocht shinsearach athbhreithniú air go rialta agus oibríonn CAR i bpáirt leis an gcoiste iniúchta chun rioscaí a bhainistiú. |

# 8. Faisnéis Airgeadais



*Josephine O'Reilly*

Bhí laghdú 13% ar an gcaiteachas foriomlán in 2015 i gcomparáid le 2014; baineann sé seo go príomha le costais foirne, agus le costais dlí agus sainchomhairleoireachta. Tharla an laghdú ar chostais foirne go díreach mar thoradh ar athruithe foirne nuair nár athlíonadh poist roimh dheireadh na bliana (post an Choimisinéara go príomha). Baineann an laghdú ar chostais dlí agus sainchomhairleoireachta eacnamaíocha le sceideal oibre na bliana, i.e. socraíodh caidhp praghais na dtáillí aerfoirt in 2014.

Le linn 2015 rinne an Coimisiún uasghrádú ar a chóras ar líne iarratais ar cheadúnas gnó taistil agus ar a fhoirm ar líne chlamhsán cosanta tomhaltóirí agus tháinig méadú ar chaiteachas dá mbarr. Tá feabhsúcháin dáiríre feicthe againn sa dá réimse sin.

Taispeánann an Ráiteas faoin Staid Airgeadais méadú de circa €7.8m i mbannaí airgid gnó taistil; mar go bhfuil an tionscal ag roghnú bannaí den chineál seo in áit na roghanna eile de bhanna bainc nó banna árachais.

Tá an t-easnamh sa chúlchiste pinsin imithe ó €737,515 mar a bhí ag 31/12/14 go €552,674 ag deireadh 2015. Ní raibh aon athrú sna boinn tuisceana achtúireacha chun luach an lae inniu ar oibleagáidí na scéime a ríomh ag deireadh 2015 (ní ionann agus 2014) agus sháraigh an fíor-thoradh ar shócmhainní na scéime an toradh a bhí súil leis, rud a d'fhág go raibh sochar achtúireach de €184,841 don bhliain.

## Rialachas Corparáideach

Tá an Coimisiún tiomanta do na caighdeáin is airde rialachas corparáideach a chaomhnú. Coinníonn sé leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, nuair a fheileann d'eagraíocht dá mhéid. Tá an Coimisinéir, mar an duine i gCeannas, freagrach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i leith dea-rialachais chorparáidigh.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá freagrach foriomlán ar an gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta i leith chóras rialú inmheánach airgid an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais. Tá an córas seo deartha chun cinnteacht atá réasúnta ach nach bhfuil dearfa, a thabhairt in aghaidh mhíráiteas nó caillteanais ábhartha.

Ar mhaithe leis an bhfreagracht seo a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn go dtagann sé le reachtaíocht agus rialacháin, tá struchtúr eagrúcháin curtha ar bun ag an gCoimisinéir a chuimsíonn nósanna imeachta oibríochta agus tuairisce soiléire, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, leithscaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún atá seachfhoinsithe. Tá an obair iniúchta inmheánaigh oilte ag anailís ar na riosca a bhfuil an Coimisiún faoina lé, agus tá pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís sin. Tá Coiste Iniúchta ag an gCoimisiún leis, a oibríonn faoi chairt scríofa atá faofa ag an gCoimisinéir agus tá triúr ball seachtrach air. Cuirtear tuairiscí iniúchta inmheánaigh uile faoi bhráid an Choiste Iniúchta. Tugann an t-

iniúchóir inmheánach a bharúil don Choimisiún faoi leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais rialú inmheánach airgeadais.

Tá sé deimhnithe ag an gCoimisiún, sna dréachtráitis Airgeadais don bhliain go 31 Nollaig 2015 gur reachtáil an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialú inmheánach airgeadais.

## Iniúchadh Inmheánach

Tá gnólacht iniúchóirí (D'Arcy Lynch Partners Ltd.) ceaptha ag CAR chun a chuid feidhmeanna iniúchadh inmheánach a chomhlíonadh. Oibríonn ant-iniúchóir inmheánach faoi threoir Choiste Seachtrach Iniúchta. IN 2015, rinne iniúchóirí inmheánacha 3 iniúchadh:

- Athbhreithniú ar Rialachas Corparáideach
- Athbhreithniú ar Bhainistiú Rioscaí
- Athbhreithniú ar Ráiteas Rialú Inmheánach Airgeadais.

## Coiste Iniúchta

Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile ceithre uair le linn 2015. Thug an Coimisinéir nó an Leas-Choimisinéir an Coiste cothrom le dáta ag gach cruinniú faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin, obair idir lámha agus príomh-shaincheisteanna. D'fhreastail an fhoireann ar chruinnithe ó am go ham mar a bhí gá leis agus mar b'iomchuí. D'fhreastail na h-iniúchóirí inmheánacha neamhspleácha ar chruinnithe ar bhonn rialta chun an Coiste a thabhairt cothrom le dáta faoin bplean iniúchta agus faoi thuairiscí iniúchta gaolmhara.

## Prasíocaíocht Cuntas

Glacann an Coimisiún lena fhreagracht le comhlíonadh a chinntiú, ar gach bealach ábhartha, le forálacha Rialacháin (Íocaíochta Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) na gComhphobal Eorpach 2002 ("na Rialacháin"). Tá gnásanna curtha in áit chun dátaí dlite sonrasc le híoc a aithint agus lena chinntiú go ndéantar íocaíochtaí faoi na dátaí sin. Tugann gnásanna dá leithéad cinnteacht reasúnta in aghaidh neamh-chomhlíonta ábhartha ar Rialacháin. Tá an polasaí íocaíochta ann chun ceanglais na Rialachán a chomhlíonadh.

## Soláthar

Coinníonn gnáthaimh sholáthar CAR le treoirlínte agus treoracha náisiúnta agus má bhaineann, an AE. Mar gheall ar luach mhórchuid na gconarthaí is iad treoirlínte náisiúnta atá i gceist go hiondúil. Tá plean soláthair ag CAR a leagann amach na réimsí inar dóigh go mbeidh tairiscintí i leith seirbhísí á lorg.

## Diúscairt Sócmhainní agus rochtain chuig sócmhainní ag tríú páirtithe.

Níl aon sócmhainní ag CAR ar an scála ná den luach atá i gceist faoi na treoirlínte (€150,000). Níor tharla aon diúscairt shuntasach sócmhainní le linn 2015.

## Breithmheas ar Infheistíocht

Níor thabhaigh CAR aon chaiteachas suntasach caipitil in 2015 a thagann laistigh de scóip na gníomhaíochta atá i gceist i Treoirlínte 2005 na Roinne um Bhreithmheas agus Bainistiú Tograí Chaiteachas Caipitil san Earnáil Phoiblí.

## Comhlíonadh Cánach

Tá CAR faoi dhliteanas ÍMAT, CBL agus CSG a íoc. Tá na tuairisceáin chánach ábhartha ar fad seolta isteach ag CAR do 2015 agus tá sé go hiomlán cáin-chomhlíonach.

## Tobhach

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta 2001 is féidir leis an gCoimisiún rialacháin a dhéanamh le tobhach a ghearradh chun costais tabhaithe go cuí i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, a ghlanadh. Tá an

tobhach iníoctha ag na cineálacha gníomhaíochta agus a bheidh sonraithe ag an gCoimisiún.

Ar 11 Nollaig 2015, rinne an Coimisiún S.I. 552 de 2015, ag gearradh an tobhaigh do 2016. Tá súil ag an gCoimisiún ioncam de €2,385,250 a fháil ón tobhach in 2016.

Luainíonn ioncam tobhaigh comhthreomhar le riachtanais mheasta caiteachais agus ceanglais sreabhadh airgid thar thréimhse cúig bliana agus tá ioncam ó Tháillí Ceadúnas fanta sách seasta i rith na bliana. Tagann ioncam eile go príomha as ioncam úis agus luainíonn sé comhthreomhar le taiscí agus rátaí úis gach bliain.

| Tobhach | 2015 | 2014 | Athrú % |
|---|---|---|---|
| Tobhach | 1,968,651 | 2,323,433 | (15%) |
| Táillí Ceadúnas | 188,060 | 192,596 | (2%) |
| Ioncam Eile | 20,606 | 30,537 | (32%) |
| **Iomlán** | **2,177,317** | **2,546,566** | **(14.5%)** |

## Ráitis Airgeadais

I Feabhra 2015, cuireadh na dréachtráitis airgeadais do 2014 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. I nDeireadh Fómhair 2015, agus an t-iniúchadh críochnaithe cuireadh faoi bhráid an Aire Iompair iad. Cuireadh roimh Thithe na Dála iad i Samhain 2015 agus táid ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Tá dreachtráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 réitithe agus cuireadh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad le haghaidh iniúchta ar 26 Feabhra 2016. Tá sliocht as na dréachtráitis sin curtha ar fáil thíos. Níl an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta agus na nótaí chuig na cuntais curtha ar fáil thíos ach beidh siad mar chuid de na cuntais fhoilsithe deiridh agus is cuid dhílis de na ráitis airgeadais iad.

## Dréachtráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

| | 2015<br>€ '000 | 2014<br>€ '000 (mar athshonraithe) |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam ó Thobhach | 1,969 | 2,323 |
| Táillí Ceadúnas | 188 | 193 |
| Eile | 21 | 31 |
| **Ioncam Comhlán** | **2,177** | **2,547** |
| Aistriú (chuig) as Cuntas Caipitil | (19) | 7 |
| Ioncam Glan | **2,158** | **2,553** |
| | | |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Foirne | 969 | 1,089 |
| Costais Pinsin | 127 | 102 |
| Comhairliúchán | 6 | 283 |
| Táillí Dlí | 12 | 138 |
| Cíos | 280 | 280 |
| Éascaíocht Sceideal | 320 | 321 |
| Eile | 586 | 429 |
| | **2,300** | **2,641** |
| **Barrachas/Easnamh Oibriúcháin** | **(142)** | **(88)** |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | 2,472 | 2,560 |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | 2,330 | 2,472 |

## Dréachtráiteas Ioncaim Chuimsithigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

| | 2015<br>€ '000 | 2014<br>€ '000 (mar athshonraithe) |
|---|---|---|
| Barrachas/Easnamh Oibriúcháin | (142) | (88) |
| Fíor-theacht isteach lúide an teacht isteach a raibh súil leis ó shóchmhainn na scéime pinsin | 163 | 203 |
| Gnóthachain/(caillteanais) Taithí de bharr dliteanas na scéime pinsin | 22 | (34) |
| Athruithe ar an mbonn tuisceana atá mar bhunús le haghaidh luach an lae inniu de dliteanas na scéime pinsin | - | (858) |
| Gnóthachan (caillteanas) Achtúireach | 185 | (690) |
| **Gnóthachain (Caillteanais) Aitheanta Iomlán atá ag baint leis an mBliain Airgeadais** | **43** | **(778)** |

*An gnóthachan carntha aitheanta ó ghnóthachain agus caillteanais achtúireacha a tháinig chun cinn sna ceithre bliana seo caite ná €633,894.*

### Dréachtghluaiseacht sa Chúlchiste Pinsin

| | 2015<br>€ '000 | 2014<br>€ '000 (mar athshonraithe) |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | (738) | (48) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | 185 | (690) |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | **(553)** | **(738)** |

### Dréachtráiteas Staid Airgeadais mar a bhí ar 31 Nollaig 2015

| | 2015<br>€ '000 | 2014<br>€ '000 (mar athshonraithe) |
|---|---|---|
| | | |
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 20 | 1 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Cuntais Bainc | 23,045 | 15,396 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 262 | 264 |
| | **23,307** | **15,660** |
| **Creidiúnaithe (Suimeanna dlite taobh istigh de bhliain)** | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | (169) | (277) |
| Cuntais Bhannaí Airgid | (20,751) | (12,879) |
| | **(20,921)** | **(13,156)** |
| **Glansócmhainní /(Dliteanais)** | **2,386** | **2,504** |
| | | |
| **Sócmhainní Iomlán lúide Dliteanais Reatha** | **2,406** | **2,505** |
| **Foráil i leith Dliteanas agus Muirear** | **-** | **-** |
| **Glansócmhainní gan Dliteanas Pinsin** | **2,406** | **2,505** |
| Glansócmhainn (Dliteanas) Pinsin | (609) | (770) |
| **Glansócmhainní /(Dliteanais) le Sóchmhainn /(Dliteanas) Pinsin** | **1,797** | **1,735** |
| **Cistithe ag** | | |
| Barrachas/ (Easnamh) Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | 2,330 | 2,472 |
| Cuntas Caipitil | 20 | 1 |
| Cúlchiste Pinsin | (553) | (738) |
| | **1,797** | **1,735** |

*Is cuid dhílis de na Cuntais Airgeadais seo an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 18.*

## Dréachtráiteas Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

| | 2015<br>€ '000 | 2014<br>€ '000 (mar athshonraithe) |
|---|---|---|
| **Réiteach barrachas oibriúcháin le glan-insreabhadh (eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíocht oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) in Ioncam agus Caiteachas | (142) | (88) |
| Difríocht idir Chostas Pinsin agus Rannaíochtaí Fostóra | 24 | (19) |
| Dímheas | 4 | 4 |
| Glan-Ús bainc faighte tar éis táillí bainc a íoc | (9) | (27) |
| Amúchadh ar shócmhainn caipitil | (4) | (4) |
| Méadú/(Laghdú) ar Fhéichiúnaithe | (4) | 8 |
| Méadú/(Laghdú) ar Réamhíocaíochtaí | 6 | (31) |
| (Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe | 5 | 25 |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe | (113) | 103 |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhorálacha | - | - |
| Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) airgid as Gníomhaíocht Oibriúcháin | (232) | (31) |
| **Ráiteas Sreabhadh Airgid** | | |
| Glan-Insreabhadh/ (Eis-sreabhadh) airgid as gníomhaíocht oibriúcháin | (232) | (31) |
| | | |
| Torthaí ar Infheistíochtaí | | |
| Ús Bainc | 12 | 31 |
| Táillí Bainc Íoctha | (3) | (3) |
| | | |
| Cistiú | | |
| Méadú/(Laghdú) ar Chuntais Bhannaí Airgid agus TPF | 7,872 | 696 |
| (Méadú) / Laghdú ar Chistí i dtaisce | 1,249 | (31) |
| **Méadú/ (Laghdú) ar Iarmhéid Airgid** | **8,898** | **662** |
| | | |
| **Réiteach glansreabhadh airgid le gluaiseachtaí sa ghlanchiste** | | |
| Méadú/ (Laghdú) ar airgead ar láimh sa tréimhse | 8,898 | 662 |
| Airgead a úsáideadh chun acmhainní leachtacha a (laghdú) a mhéadú | (1,249) | 31 |
| Athruithe ar Ghlanchiste | 7,649 | 692 |
| | | |
| Glanchiste oscailte | 15,396 | 14,703 |
| | | |
| Glanchiste Deiridh | 23,045 | 15,396 |

*Is cuid dhílis de na Cuntais Airgeadais seo an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 18.*

*Os rud é go bhfuil suimeanna slánaithe ceann ar cheann tharlódh nach mbeidh na hiomláin ag teacht leo.*

# 9. Aguisín

## Páipéir an Choimisiúin foilsithe in 2015

| Páipéar | Teideal |
|---|---|
| CP1/2015 | Comhairliúchán 2015 faoi Athbhreithniú eatramhach ar Chinntiúchán 2014 a reachtáil |
| CP2/2015 | Cinneadh faoi Athbhreithniú eatramhach ar Chinntiúchán 2014 a reachtáil |
| CN3/2015 | Iarratas ag daa i leith fhaomhadh Táillí ATI- Aerfort Bhaile Átha Cliath – Deasca Halla Bagáiste |
| | Tuairiscí ráithiúla faoin gCaighdéan Soláthair. |
| | Tuairiscí Aerphaisinéirí gach 6 mhí |
| CN1/2015 | Socruithe i leith Cheadúnú Ghnó Taistil in Earrach 2015 |
| CN2/2015 | Socruithe i leith Cheadúnú Ghnó Taistil i bhFómhar 2015 |

## Tuairiscí Aschuir

### Táillí agus Rialáil Sliotán

| Sprioc 2015 | Toradh 2015 |
|---|---|
| Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh daa leis an gcaidhp praghais agus oibriú mín ar lean, den réimeas reatha sceidealaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, a chinntiú. | Foilsíodh ráiteas comhlíonta 2014 agus torthaí ráithiúla chaighdeán seirbhíse d'Aerfort Bhaile Átha Cliath.<br>Rinneadh freastal ar chruinnithe Choiste Comhordaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath agus idirchaidreamh le ACL agus úsáideoirí<br>Tugadh freagra ar iarratas Aerfort Bhaile Átha Cliath ar athbhreithniú eatramhach ar Chinntiúchán 2014 |
| Athscrúdú a dhéanamh ar an gcur chuige reatha le cinntiúcháin faoi tháillí Aerfort Bhaile Átha Cliath a dhéanamh | Glacadh páirt in athbhreithniú na Roinne ar tháillí aerfort.<br>Aithníodh roinnt réimsí ina bhfuil gá le tuilleadh oibre mar atá sonraithe i bplean oibre 2016 |

## Ceadúnú agus Faomhadh

| Sprioc 2015 | Toradh 2015 |
|---|---|
| Leanúint ag riaradh na réimeas ceadúnaithe agus faofa d'aeriompróirí, láimhseálaithe ar talamh agus gnólachta sa tionscal taistil. | Rinneadh próiseáil go tráthúil ar gach iarratas agus rinneadh monatóireacht ar chomhlíonadh shealbhóirí ceadúnas reatha leis an reachtaíocht<br><br>Athbhreithniú dhá-bhliantúil ar an gceadúnas oibríochta atá ag aeriompróir amháin críochnaithe.<br><br>Chuaigh faomhadh láimhseála ar talamh a bhí ag 17 comhlacht in éag agus rinneadh athnuachan orthu go rathúil.<br><br>D'eisigh Ceadúnú Ghnó Taistil ceadúnais do 228 gníomhaire taistil agus do 45 tionscnóir turas. Eisíodh 19 de na ceadúnais sin do chomhlachtaí a rinne iarratas don chéad uair. Ní dhearnadh 18 ceadúnas a bhí ann an bhliain seo caite a athnuachan. |
| Tuiscint faoin réimeas ceadúnaithe a chur chun cinn i measc an tionscail agus an phobail | Eisíodh dioscaí ceadúnais do 2016 d'oibritheoirí héileacaptar agus aerárthach beag uile.<br><br>Tugadh cuairteanna neamhfhoirmiúla ar aerfoirt agus ar 5 chomhlacht láimhseála ar Talamh in 2015 chun caidreamh a fheabhsú agus feasacht faoi cheanglais cheadúnaithe a chur chun cinn.<br><br>Thug Ceadúnú Ghnó Taistil cuairt ar aonáin cheadúnaithe i rith na bliana ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus tuiscint níos fearr a fháil ar shaincheisteanna a bhaineann leis an tionscal. |

## Cearta Aerphaisinéirí

| Sprioc 2015 | Toradh 2015 |
|---|---|
| Comhlíonadh dlíthe an AE i leith chearta paisinéirí a chinntiú | 1011 clamhsán faighte faoin dá Rialachán. 288 a bhain le forais chontrapháirteacha forfheidhmithe.<br>724 clamhsán fiosraithe, 657 críochnaithe<br>8 gcigireacht aerfoirt déanta |
| Féachaint le tuiscint an phobail a mhéadú i leith shaincheisteanna chearta paisinéirí | Ghlac páirt in Aonach Holiday World 2015<br>Feachtas meán curtha i gcló agus curtha i láthair ag ócáidí tionscail. |
| Tabhair comhairle faoi athruithe féideartha ar Rialachán 261 | Ag braith ar an bpróiseas athmhúnlaithe a bheith críochnaithe |

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

| Táscaire Feidhmíochta | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Ceadúnú an Ghnó Taistil (nóta 1)** | | |
| Fógra faighte ag iarratasóirí faoi dhoiciméid ar iarraidh laistigh de sheachtain | 39% | 82% |
| Cinneadh i bprionsabal faighte ag iarratasóirí ceadúnas laistigh de mhí | 70% | 87% |
| Ceadúnais eisithe laistigh de choicís i ndiaidh na doiciméid uile a bheith faighte | 84% | 93% |
| Líon áitreabh ceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu | 27 | 27 |
| **Éilimh ón Gnó Taistil agus Aisdúichithe (nóta 2)** | | |
| Líon éileamh faighte i ndiaidh clistí | 222 | 0 |
| Líon éileamh próiseáilte laistigh de dhá mhí | 58 | n/a |
| Líon éileamh próiseáilte laistigh de cheithre mhí | 86 | n/a |
| Líon éileamh próiseáilte laistigh de shé mhí | 86 | n/a |
| Costais riaracháin mar chéatadán de chostais iomlán éileamh | - | n/a |
| Líon paisinéirí aisdúichithe | 0 | 0 |
| Paisinéirí ag fanacht le haghaidh aisdúichithe i ndiaidh an dáta fillte sceidealaithe | n/a | n/a |
| Paisinéirí ag fanacht breis is seachtain le haghaidh aisdúichithe | n/a | n/a |
| **Cosaint Tomhaltóra** | | |
| Réamh-athbhreithnithe ar chlamhsáin críochnaithe laistigh de sheachtain | 81% | 88% |
| Clamhsáin curtha ar aghaidh chuig NEB eile laistigh de mhí ón dáta fála | 88% | 79% |
| Fiosrúcháin críochnaithe laistigh de thrí mhí ón dáta fála | 77% | 76% |
| Fiosrúcháin críochnaithe laistigh de sheacht mí ón dáta fála | 98% | 100% |
| Líon cigireachtaí aerfoirt | 8 | 8 |
| **Costais** | | |
| Athrú bliantúil ar chostais CAR | -13% | +12% |
| Athrú bliantúil ar chostais CAR (gan táillí dlí, comhordú aerfort agus costais phróiseáil éileamh san áireamh) | -14% | +10% |

Nótaí leis an Tábla:

1. IN 2015 chuir an Coimisiún iarratasóirí ar an eolas faoi dhoiciméid a bhí ar iarraidh laistigh de sheachtain ar 39% de chásanna. Sin i gcomparáid le 82% in 2014. Ach, mar atá le feiceáil sa tábla thíos bhí an figiúr ag 28% in 2013. Is léiriú é an céatadán ar mar a tharla gur tháinig go leor iarratas isteach ag mórán an am céanna agus nach raibh na hacmhainní ag an gCoimisiún chun déileáil leis an líon mór sin fógraí ag an am céanna agus tharla moilleanna dosheachanta dá bharr sin. IN 2016 féachfaimid an féidir déileáil le hiarratais ar bhealach níos roinnte i rith na bliana chun moilleanna a laghdú. Ag an am céanna is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil comhghaolú soiléir ann idir fhógraí faoi dhoiciméid ar iarraidh agus eisiúint thráthúil Ceadúnas. IN 2016 déanfaimid (i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara) athbhreithniú ar na táscairí a úsáideadh chun ár bhfeidhmíocht in eisiúint Cheadúnais Ghnó Taistil i scála ama réasúnta, a thomhas.

| Ceadúnú Ghnó Taistil | 2015 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| Iarratasóirí ceadúnas curtha ar an eolas faoi dhoiciméid ar iarraidh laistigh de sheachtain | 39% | 82% | 28% |
| Iarratasóirí ceadúnas a fuair cinneadh i bprionsabal laistigh de mhí | 70% | 87% | 64% |
| Ceadúnais eisithe laistigh de choicís tar éis na doiciméid uile a bheith faighte | 84% | 93% | 92% |

2. Tharla dhá chliseadh ghníomhaire taistil le linn 2015 i gcomparáid le gan ceann ar bith in 2014. Níor fhéad ceachtar comhlacht a oibleagáidí conartha dá chustaiméirí a chomhlíonadh agus dá bharr sin rinneadh éileamh ar bhannaí. I gcás Just Sunshine Ltd. bhí a gcuid táirgí díolacháin uile ag díriú ar an Túinéis, tír inar bhris foréigean amach sa samhradh. Mar gheall gur tharraing an Tionscnóir Turas amach as an margadh sin ní raibh na hacmhainní ar fáil do Just Sunshine Ltd. chun aisíocaíocht a dhéanamh le paisinéirí agus leanúint ag trádáil. Ní raibh Travelcolumn Ltd. ag trádáil mar onestoptravel.ie,in ann dóthain brabúis a chruthú óna chuid trádála chun cliseadh a sheachaint.